2026/920

30.4.2026

CINNEADH (CBES) 2026/920 ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA

an 22 Aibreán 2026

lena gcuirtear síneadh le sainordú Cheann Misin Mhisean Fothaithe Acmhainneachta an Aontais Eorpaigh sa tSomáil (EUCAP Somalia) (EUCAP Somalia/1/2026)

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38, an tríú mír, de,

Ag féachaint do Chinneadh 2012/389/CBES ón gComhairle an 16 Iúil 2012 maidir le Misean Fothaithe Acmhainneachta an Aontais Eorpaigh sa tSomáil (EUCAP Somalia) ([1]), agus go háirithe Airteagal 9(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 9(1) de Chinneadh 2012/389/CBES, údaraítear an Coiste Polaitiúil agus Slándála, i gcomhréir le hAirteagal 38, an tríú mír, den Chonradh, chun na cinntí ábhartha a dhéanamh chun rialú polaitiúil agus stiúradh straitéiseach Mhisean Fothaithe Acmhainneachta an Aontais Eorpaigh sa tSomáil (EUCAP Somalia) a fheidhmiú, lena n-áirítear an cinneadh Ceann Misin a cheapadh arthogra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas slándála ('an tArdionadaí').

(2) An 2 Nollaig 2025, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2025/2477 ([2]), lena gcuirtear síneadh le sainordú Kęstutis LANČINSKAS mar Cheann Misin EUCAP Somalia ón 1 Eanáir 2026 go dtí an 30 Aibreán 2026.

(3) An 27 Feabhra 2026, mhol an tArdionadaí go gcuirfí síneadh le sainordú Kęstutis LANČINSKAS mar Cheann Misin EUCAP Somalia ón 1 Bealtaine 2026 go dtí an 28 Feabhra 2027,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear síneadh le sainordú Kęstutis LANČINSKAS mar Cheann Misin Mhisean Fothaithe Acmhainneachta an Aontais Eorpaigh sa tSomáil (EUCAP Somalia) ón 1 Bealtaine 2026 go dtí an 28 Feabhra 2027.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 22 Aibreán 2026.

Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála

An Cathaoirleach

L. MANDEL VENSILD

([1]) IO L 187, 17.7.2012, lch. 40, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2012/389/oj.

([2]) Cinneadh (CBES) 2025/2477 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 2 Nollaig 2025 lena gcuirtear síneadh le sainordú Cheann Misin Mhisean Fothaithe Acmhainneachta an Aontais Eorpaigh sa tSomáil (EUCAP Somalia) (EUCAP Somalia/1/2025) (IO L, 2025/2477, 5.12.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/2477/oj).